

C A R L O W
COUNTY COUNCIL
COMHAIRLE CHONTAE CHEATHARLOCHA



Údarás Áitiúil Cheatharlach

Scéim na Gaeilge

2008-2011

Scéim na Gaeilge

Brollach agus Cúlra

Tá an scéim seo forbartha ag na hÚdaráis Áitiúla Cheatharlach faoi mhír 11 d'Act na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus is deis í chun leanúint ar aghaidh le tacaíocht agus cur chun cinn na teanga i gContae Cheatharlach. Is iomaí gealltanas atá tugtha againn faoim scéim seo thar thréimhse trí bliana chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trí mhéan na Gaeilge, ina measc go mbeidh 15% de na cáipéisí (seachas cáipéisí teicniciúla) ar ár suíomh idirlíne dátheangach. Chomh maith leis sin tá athbhreithniú á dhéanamh againn ar ár gcomharthaí bóithre agus ainmneacha áite.

Tá pobal labhartha Gaeilge bríomhar, spleodrach i gContae Cheatharlach agus beidh an Chomhairle ag obair mar chomhpháirtí le tionscnaimh chun áit lárnach fheiceálach a thabhairt don teanga sa chontae agus spreagfar labhairt na Gaeilge i gcónaí

Tiocfaidh an Scéim i bhfeidhm ar an 1ú Deireadh Fómhair 2008.

D'ullmhaigh Údaráis Áitiúla Cheatharlach a Scéim do Theanga na Gaeilge faoi Rannóg 11 de Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003: h-Ullmhaíodh an Scéim ag tabhairt aird ar na treoirlínte faoi Rannóg 12 de Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a bhí eisithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Deireann Rannóg a11 den Acht go bhfuil dualgas ar Eagraíochtaí Pobail Scéim Reachtuil a ullmhú a shonraíonn na seirbhísí a sholáthraíonn siad:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla *agus*
- trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge

Leagann an scéim seo amach na modhanna go gcaithfear a thabhairt isteach chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh aon seirbhís ná fuil soláthraithe ag na hÚdaráis Áitiúla trí mheán Teanga na Gaeilge soláthraithe laistigh den bhfráma ama socraithe.

D'fhoilsigh Údaráis Áitiúla Cheatharlach Fógra Cuspóra chun Scéim a Ullmhú i gcomhréir le Rannóg 13 (1) (a) den Acht ins na páipéir nuachta áitiúla ar an 23^ú Feabhra 2007 agus bhí cruinniú oscailte ar siúl chun ullmhú na scéime a phlé faoin bPróiseas Comhairleach Poiblí ar an 26ú Aibreáin 2007.

Tuigeann Údaráis Áitiúla Cheatharlach go bhfuil ceart ag ár gCustaiméirí agus ag an bPobal rogha a bheith acu a ghnó a dhéanamh linn ins an teanga is rogha leo eadhon Gaeilge nó Béarla agus beidh sé/sí éascaithe ar an gcaoi seo. Ceann de chuspóirí príomha an Scéim Teanga seo go bhfuil caighdeáin seirbhísí poiblí níos airde ar fáil trí theanga na Gaeilge mar Chéad Teanga Oifigiúil na tíre. Tá Údaráis Áitiúla Cheatharlach ag súil cultúr dátheangach a fhorbairt agus a mholadh san eagraíocht i dtreo is go mbeidh ár gcustaiméirí compordach agus muiníneach déileáil linn ins an teanga is rogha leo mar shampla, i mBéarla nó i nGaeilge.

Tá léiriú gearr sa scéim de Údarás Áitiúla Cheatharlach, na scéimeanna soláthraithe agus leibhéal na seirbhísí ar fáil cheana féin trí Ghaeilge, trí Bhéarla agus ar bhonn dátheangach.

Tá seirbhísí áirithe go bhfuil gach custaiméir i dteideal dóibh de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, i.e. freagraí ar chomhfhreagrais sa Ghaeilge trí Ghaeilge, foilseacháin, aon doiciméid a leagann amach moltaí polasaí poiblí i.e. An Tuairisc Bhliantúil, an Plean Corparáideach.

Tá cosaint ag na cearta seo san Acht thuasluaite agus níl na cearta seo athdhéanta sa scéim seo. Tá i gceist ag an scéim seirbhísí Gaeilge eile a fheabhsú agus tá dualgas dlíthiúil orainn dóibh iad san thuasluaite a bheith againn gan trácht ar an scéim seo.

Dáta Tosaithe na Scéime:

Tá an Scéim nua dearbhaithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosóidh an Scéim nua ar an 1^ú Deireadh Fómhair 2008 a beidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bhliana ón dáta san nó suas chuig an am go bhfuil scéim nua dearbhaithe ag an Aire de bhun Rannóg 15 den Acht, pé ceann acu is luaithe.

Forbhreathnú ar Údarás Áitiúla Cheatharlach:

Straitéis Chorparáideach

Tá Straitéis Chorparáideach Údarás Áitiúil Cheatharlach leagtha amach sa Phlean Corparáideach 2004 – 2009. Tá na heilimint príomha mar seo a leanas:

Ráitis Misin

Is é ár misean seirbhís áitiúil rialtais de ard chaighdeánach a sholáthar dos na daoine ó Chontae Cheatharlach, trí an timpeallacht a chosaint agus a chur chun cinn agus an caighdeán saoil a fheabhsú. Bainfimid é seo amach trí páirtíocht a thabhairt isteach idir na baill tofa agus foireann Údarás Áitiúla Cheatharlach agus idir gach aicme den bpobal. Agus mhuinín againn as a chéile, oibreimid ar bhonn oscailte, éifeachtach agus rannpháirteach, chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh Contae Cheatharlach mar chontae inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de, go bhfuil iniamh beoga, eacnamaíoch, cultúrtha agus sóisialta ann, agus gur féidir le gach aoinne cónaí agus oibriú i bpobal sláintiúil agus sábháilte agus go bhfuil cáil ar Údarás Áitiúla Cheatharlach as caighdeán agus éifeacht ár seirbhísí.

Luachanna Croiláir

Measaimid go gcaithfimid fhriotháil ar ár bpobal trí deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann ár gcustaiméirí go léir, a chónaíonn, a oibríonn nó a thugann cuairt ar Cheatharlach, an tseirbhís ard chaighdeánach go bhfuil siad i dteideal dó. Beidh cultúr ár n-eagraíocht bunaithe ar na luachanna seo a leanas chun é seo a bhaint amach:

Daonlathas

Éistfimid agus oibreimid leis an bpobal chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil ár ról daonlathach comhlíonta ina iomlán.

Pobal

Aithnímid éagsúlacht cultúrtha ár bpobail. Oibreimid le grúpaí pobail agus deonacha chun deimhin a dhéanamh de gur féidir le gach ball den bpobal, agus iad san le míbhuntáiste agus le riachtanais speisialta orthu san áireamh, a ról iomlán ins an bpobal a bhaint amach.

Seirbhís

Friothálaimid ar gach bhall agus ar gach earnáil den bpobal i slí oscailte, freagrach, cuntasach agus cothrom.

Caighdeán

Táimid dírithe arbhar-fheabhais a sheachadadh i soláthar na seirbhíse dár gcustaiméirí go léir.

Éifeachtacht

Déanfaimid ár ndícheall an tseirbhís is fearr agus is féidir a sheachadadh ós na foinsí ar fáil dúinn.

Timpeallacht

Oibreimid chun an timpeallacht nádúrtha agus forbartha a chaomhnú, a fhorbairt agus a uasghrádú, chun deimhin a dhéanamh de gur féidir linn riachtanais reatha agus riachtanais todhchaí ár bpobal a shásamh.

Foireann

Déanfaimid ár ndícheall deimhin a dhéanamh de go bhfuil gach seans tugtha don fhoireann a féidearthacht iomlán a fhorbairt agus cumas a thabhairt dóibh cabhair a thabhairt sa mhéid agus is féidir do fhorbairt an Chontae seo agus chuspóirí corparáideacha Údaráis Áitiúla Cheatharlach.


Cultúr agus Fóillíocht

Tógfaimid pléisiúr as, caomhnóimid agus triallfaimid conláistí cultúrtha agus fóillíochta an Chontae seo a chur chun cinn.

Tá aicmí téamacha tábhachtacha an Phlean Chorparáideach mar seo a leanas:

- Iniamh Sóisialta/Forbairt Tithíochta & Pobail
- Forbairt Eacnamaíochta/Cultúrtha
- Forbairt Inchothaithe/Oidhreacht
- Iompar & Bonneagar
- Cosaint Timpeallachta
- Cosaint na timpeallachta /Gaol Custaiméara/Seirbhís Ard Chaighdeáin do Chustaiméirí

Leagann an Cairt thíos amach Struchtúr Údarás Áitiúil Cheatharlach:



Tá Contae Cheatharlach 943 ciliméadar cearnach. Is iad bailte príomha an Chontae Ceatharlach, an Tulach, Muine Bheag, Baile Haicéid agus an Bhuiríos. Is é Daonra Chontae Cheatharlach ná 50,349 de réir daonáireamh 2006.

Is iad na trí aonad príomha den Rialtais Áitiúil laistigh den gContae ná:

Comhairle Chontae Cheatharlach
Comhairle Chontae Cheatharlach
Comhairle Bhaile Mhuine Bheag

21 Ball Tofa
9 mBall Tofa
9 mBall Tofa

Tá Pobal Gaeilgeoirí beoga agus bríomhar i gContae Cheatharlach. Tá Gaelscoil agus Gaelcholáiste amháin i mBaile Cheatharlach agus a lán Naíonraí do leanaí réamhscolaíochta. Tá Cumann Gaelach in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus tá Cúrsaí Gaeilge Dioplóma soláthraithe i gColáiste Cheatharlach, i gcónasc le ONI na Ghaillimhe. Tá Grúpaí Dráma i dTeanga na Gaeilge, Grúpaí Lóin GRADAM agus Grúpa Tuismitheoirí agus Clanna Comhluadar ag feidhmiú i gCeatharlach i dteannta le Gaeilge le Céile – Grúpa Comhrá trí Ghaeilge a thagann le céile go rialta i mBaile Ceatharlach. Tá Ranganna Gaeilge agus Seisiúin Ceoil Gaelach ar siúl gach seachtain i gContae Cheatharlach.

Ceatharlach Cultúr Éireannach agus a Oidhreacht trí dhá fhéile bheoga Éigse atá ag rith ó 1979 agus Féile an Fhómhair.

Léiríonn rath mór na ngníomhaíochtaí seo fianaise ar shuim an phobail, ár gCustaiméirí, i dteanga na Gaeilge agus a gcuid iarrachtaí an teanga a choimeád beo i gContae Cheatharlach. Tabharfaidh Údaráis Áitiúla Cheatharlach tacaíocht do agus forbróidh siad Teanga na Gaeilge.

Thug Údaráis Áitiúla Cheatharlach aghaidh ar phróiseas comhairleach cúig-choda nuair a bhíodar ag ullmhú na scéime seo ina raibh na nithe seo a leanas san áireamh:

- Aighneachtaí a lorg ón bpobal le haghaidh dréacht scéim a ullmhú.
- Bhí Suirbhé Custaiméirí déanta ag Oifigí na Comhairle i.e. Oifigí Chomhairle Chontae Cheatharlach, Comhairle Bhaile Cheatharlach, Gréasán Leabharlanna agus Oifigí Éigse, Ceatharlach. Tá na torthaí imlínithe in Aguisín 1.
- Déanadh suirbhé foirne chun breith a dhéanamh faoina inniúlacht cainte agus scríofa sa Ghaeilge. Tabharfaidh an suirbhé eolas dár gClár Traenála, Foghlamtha & Forbartha.
- Cruinniú oscailte poiblí go raibh Baill Tofa, Baill an Phobail agus an Fhoireann i láthair ann.
- Iniúchadh inmheánach ar na Seirbhísí/gur féidir bheith soláthraithe trí mheán na Gaeilge ag gach roinn.

Achoimre ar na Seirbhísí/Gníomhaíochtaí á soláthar ag Údaráis Áitiúla Cheatharlach agus Leibhéal Inniúlachta na Gaeilge

Brollach

Tugann an caibidil seo léirmheas ar na seirbhísí soláthraithe ag Údaráis Áitiúla Cheatharlach agus leibhéal Inniúlachta na Gaeilge i ngach ceann acu seo.

Ranna ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge agus Béarla.

Níl de chumas ag aon Údarás de chuid Údarás Áitiúil Cheatharlach a sheirbhísí a sholáthar go cuimsitheach trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

Ranna ag feidhmiú le cumas Gaeilge teoranta acu.

Tá cuid den bhfoireann ins na Ranna seo a leanas go bhfuil de chumas acu Seirbhís Dátheangach a sholáthar dá chustaiméirí. Tá soláthar na seirbhíse, áfach, ag braith ar na daoine seo bheith i láthair agus ar fáil chun é seo a dhéanamh i dteannta lena ngnáth dualgais. Tá an obair seo trí mheán na Gaeilge gan struchtúr agus deonach. Bhí an fhoireann seo an – toilteanach san am atá caite agus táid mar sin i gcónaí sa lá atá inniu ann.

- Pobal & Fiontar
- Bonneagar, Seirbhísí Uisce & an Timpeallacht
- Leabharlanna
- Comhairle Bhaile Cheatharlach

Pobal & Fiontar

Príomh fheidhmeanna an ranna is ea:

- Tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí na Comhairle agus do Bhord Forbartha an Chontae Comhlacht Comhoibriú a chur i ngníomh – straitéis 10 mbliana do Fhorbairt Sóisialta agus Eacnamaíochta Chontae Cheatharlach 2001-2012.
- Comhordú Seirbhíse Áitiúil a Uasghrádú & a Chur Chun Cinn.
- Tacaíocht a thabhairt do Thionscnaimh Forbartha Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha san Chontae agus iad a chur chun cinn agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Comhairle sa chomhthéacs seo.
- Tacú le Forbairt Pobail agus é a Neartú, Iniamh Sóisialta a Chur Chun Cinn trí chomhoibriú leis an bpobal chun seachadadh na Seirbhíse Reachtúla agus Deonach a fheabhsú ins na haicmí sprice.

Tá cainteoir Gaeilge líofa ar fáil agus tá sé sásta déileáil leis an bpobal i nGaeilge nuair a iarrtar air.

Bonneagar, Seirbhísí Uisce & an Timpeallacht

Bóithre & Iompar

Is é aidhm Roinn na mBóthar agus Iompar an Bonneagar Fisiceach agus an tSeirbhís Gréasáin a fhorbairt de réir l riachtanais láithreach agus an todhchaí ghluaiseacht sábháilte, éifeachtach agus saor daoine agus earraí ar bhóithre. Tá Comharthaí Bóthar agus Eolas na dTreo mar chúram an Roinn Bóthar agus Iompar, chomh maith, i dteannta le Bainistíocht Tráchtála le Sábháilteacht Bóthar agus feidhmiú Seirbhís an Mhaoir Scoile san áireamh.

Leabharlanna

Tá ceanncheathrú agus Leabharlann Chontae Seirbhís Leabharlanna na Comhairle ag Sráid an Tulaigh, Ceatharlach. Tá Leabharlanna Craoibhe sa Tulach agus i Muine Bheag. Tá baint mhór ag Seirbhís na Leabharlanna leis an ealaíon a chur chun cinn agus meabhraíocht an phobail a ardú trí eolas a sholáthar faoi gach cuid den ealaíon agus úsáid Áiseanna na Leabharlanna le haghaidh ghníomhaíochtaí ealaíona agus taispeántas – ócáidí Chultúrtha na hÉireann, Teanga agus Oideachais a chur chun cinn, mar shampla, Seachtain na Gaeilge & an tSeachtain Oidhreachta atá á chur cinn ag ranna agus ag grúpaí eile, chomh maith.

Bunaíodh an Tionscnamh Péinteála Leabharlanna 2006 i gcónasc leis an Ealaíontóir Éireannach, Mairéad Ó hEogha.

Soláthraíonn suíomh idirlín Ask-About-Ireland www.askaboutireland.ie a lán eolais a bhaineann le hoidhreacht Chontae Cheatharlach agus tá cuid de i dteanga na Gaeilge.

Tá 1,814 leabhar Gaeilge do dhaoine fásta agus 991 leabhar Gaeilge do leanaí i Seirbhís na Leabharlann.

Comhairle Bhaile Cheatharlach

Tá 9 mball tofa ag Comhairle Bhaile Cheatharlach agus is é aonad príomha an Rialtais Áitiúil do Bhaile Cheatharlach é.

Bhuaigh Baile Cheatharlach buaiteoirí Comórtas Ghlór na nGael dhá uair agus bhí an ceann is déanaí i 1995 agus déanann siad a ndícheall an tam ar fad daoine agus grúpaí a éascú go dteastaíonn uatha a gcuid ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Tá leibhéal líofachta éagsúla sa Ghaeilge ag baill na foirne agus molann siad cumarsáid trí Ghaeilge.

Ranna ná fuil in ann faoi láthair seirbhís dhuine le duine a sholáthar i nGaeilge:

1. Airgeadas
2. Pleanáil
3. Seirbhísí Uisce
4. An Timpeallacht

5. Seirbhísí Corparáideacha & Acmhainn Daonna
6. Seirbhísí Tine
7. Teicneolaíocht Eolais & Cumarsáide
8. Cáin Ghluaisteán
9. Tithíocht

Airgeadas

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as airgeadas gearr théarmach agus fad théarmach na n-oibreacha uile de chuid na Comhairle, ó thaobh Cánach agus Caipítíl de. Is é a aidhm ina iomlán acmhainní uile atá ar fáil don gComhairle a uasmhéadú agus acmhainní dá leithéid a chur i ngníomh ar bhonn na heacnamaíochta agus na héifeachtachta de agus a dheimhniú go bhfaightear luach ár gcuid airgid astu.

Tá caiteachas ó lá go lá na Comhairle maoinithe óna Bhuiséad Cánach. Tá Rátaí Trádála, Cíos ó loistíní ar chíos an Údarás Áitiúil, deontais Rialtais, táillí Pleanála, Táillí Uisce Neamh-theaghlaigh, & araile. san áireamh i bhfoinsí an chiste Cánach.

Tá Cistíocht Chaipítíl do Thionscnaimh Caipítíl in aicmí Tithíochta, Bóithre agus Uisce ar fáil ó Dháiltí Rialtais agus ó Ranníocaíochtaí Forbartha.

Is é an Caiteachas Bhliantúil agus an Caiteachas Caipítíl do Údaráis Áitiúla Cheatharlach €130 milliún.

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as an Iniúchadh Immheánach, chomh maith.

Pleanáil & Forbairt

Is é cuspóir príomha na Ranna pleanála agus Forbartha an Chontae a chur chun cinn agus a fhorbairt i slí go bhfuil dul chun cinn Eacnamaíochta agus Sóisialta Inchothaithe éascaithe.

Príomh cuspóirí an Ranna is ea:

- Forbairt ordúil a chur chun cinn agus infhaighteacht talún atá i gcrios cuí, le seirbhísí ann, a dheimhniú do bheith ar fáil le haghaidh fhorbairt trádála, tionsclaíoch agus cónaithe i mbailte agus i sráidbhailte mórthimpeall an Chontae.
- Deimhin a dhéanamh de go bhfeidhmíonn an smacht pleanála go maith agus go héifeachtach agus é ag cur forbairt inchothaithe cothrom chun cinn.
- Caighdeán agus éagsúlacht ár n-oidhreacht aiceanta agus cultúrtha a chothabháil agus a uasghrádú.
- Caighdeáin tógála maithe a chur chun cinn.
- Forbairt bhonneagair agus chonláiste a éascú agus tacaíocht a thabhairt dó mórthimpeall an chontae.

Seirbhísí Uisce

Is é cuspóir príomha an Rannóg Seirbhísí Uisce ná Uisce Óil, Córais Séarachais agus Áiseanna Cur de Láimh Draenála Stoirme a sholáthar chun riachtanais reatha agus todhchaí an chontae a shásamh. Tá na Seirbhísí Uisce freagrach, chomh maith, as Caomhnú Uisce agus as Monatóireacht agus Tástáil an Chaighdeáin Uisce. Feidhmíonn agus déanann an Chomhairle cothabháil ar fhiche Scéim Soláthar Uisce agus tríocha ceathair Scéim Fuíoll Uisce/Draenála.

Timpeallacht

Is é cuspóir príomha na roinne seo an timpeallacht a chosaint, a chaomhnú agus a uasghrádú i gContae Cheatharlach.

Is iad gníomhaíochtaí príomha Rannóg na Timpeallachta Bainistíocht Fuíll, Athchúrsáil, Smacht Truailithe, Meabhraíocht Timpeallachta & Cur-i-nGníomh.

Seirbhísí Corparáideacha/Acmhainn Daonna

Seirbhísí Chorparáideacha

Tá tacaíocht a thabhairt do ról na mBall Tofa agus don bpróiseas daonlathach i measc na seirbhísí príomha a sholáthraíonn na Seirbhísí Chorparáideach.

Seirbhíse ard chaighdeánach a sheachadadh, dírithe ar an gcustaiméir, a dheimhniú.

Rolla na dTogthóirí, Scéim Deontais Ard Oideachais, Nascadh, Bainistíocht ar Chomhlíonadh, Míchumas.

Acmhainní Daonna

Tá an rannóg Acmhainn Daonna freagrach as Pleanáil Daonchumhachta, Earcú & Roghnú, Traenáil, Foghlaim & Forbairt, Caidreamh Tionsclaíoch, Leas Foirne, Comhionannas & Éagsúlacht agus Cothromaíocht san Saol Oibre.

Beidh ról lárnach ag an gClár Traenála, Foghlamtha & Forbartha i gcur i ngníomh na scéime seo.

Seirbhísí Tine

Is é aidhm príomha Seirbhís na Tine saoil a chosaint & a shábháil, Smacht cuimsitheach Sábháilteachta Tine a sholáthar agus eolas agus cúnaimh a thabhairt don bpobal ar ábhair Sábháilteachta tine.

Tá ceithre Stáisiún Tine i gcontae Cheatharlach – Baile Cheatharlach, Muine Bheag, an Tulach agus Baile Haicéid.

Tá an tSeirbhís Tine freagrach as Smacht Tógála, chomh maith.

Teicneolaíocht Eolais & Cumarsáide

Is é aidhm príomha an Roinn TEF an úsáid is fearr agus is éifeachtúla a bhaint as na teicneolaíochtaí is mó suas chun dáta a dheimhniú agus tacaíocht a thabhairt do agus leathnú a dhéanamh ar Theicneolaíocht Eolais i ngníomhaíochtaí na Comhairle agus i soláthar na Seirbhísí do Chustaiméirí. Beidh ról tábhachtach ag TEF i gcur chun cinn agus in éascú soláthar na seirbhíse trí mheán teanga na Gaeilge.

Cánachas Gluaisteán

Feidhm phríomha an Rannóg Cánachais Gluaisteán is ea próiseáil agus bailiú na dtáillí Ceadúnais Feithicle agus Ceadúnais Tiomána.

Tithíocht

Príomh aidhmeanna an Roinn Tithíochta is ea:

- An chaoi a thabhairt do gach teaghlach lóistín in-acmhainn de ard chaighdeán a bheith ar fáil agus in oiriúint dá riachtanais, i ndea-thimpeallacht agus i láthair dá rogha féin, sa mhéid agus is féidir.
- Úinéireacht baile a chur chun cinn le h-earnáil ar chíos saibhir, éagsúil agus á bhainistiú go maith ann, idir phoiblí agus go príobháideach.
- Timpeallacht cónaithe agus caighdeán tógála gach aonad tithíochta de chuid an údaráis áitiúil a choimeád ag ard chaighdeán.
- Deiseanna do ghrúpaí éislinneacha a mholadh, i.e. an lucht siúil, sean daoine agus daoine míchumasacha.
- Leanúint le Straitéisí a bhaineann le iompar frithshóisialta a chur i ngníomh.

Custaiméirí agus Cliaint

Tá oifigí ag Údaráis Áitiúla Cheatharlach ag na háiteanna seo a leanas:

Árais an Chontae, Bóthar Ath h-Í, Ceatharlach.
Comhairle Bhaile Cheatharlach, Sráid Centaur, Ceatharlach.
Seomraí Comhdhála, Sráid Bhaile Cliath, Ceatharlach
Oifigí Cathracha, An Tulach, Co. Cheatharlach
Oifigí Cathracha, Muine Bheag, Co. Cheatharlach
Leabharlanna – Baile Cheatharlach, An Tulach agus Muine Bheag
Seirbhísí Tine, Baile Cheatharlach

Tá teagmháil ag Foireann Iostaí agus Suíomh Chonláiste Sibhialta na Comhairle lenár gcustaiméirí ina mbailte agus ins an réimse poiblí.

Idir-ghníomhaíonn Údaráis Áitiúla Cheatharlach, chomh maith, le réimse leathan, éagsúil Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Grúpaí Pobail, Páirtithe Sóisialta,

Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha eile, Eagraíochtaí Cónaitheoirí, Grúpaí Leader, Grúpaí Gnó agus leis na meáin Áitiúla agus Náisiúnta.

Beidh úsáid mhéadaithe Teicneolaíocht TEF i soláthar Seirbhísí Custaiméirí mar mheán tábhachtach chun Teanga na Gaeilge a chur chun cinn in Údaráis Áitiúla Cheatharlach.

Moltaí do Sholáthar na Seirbhíse a Uasghrádú trí Theanga na Gaeilge

Bíonn áthas ar Údarás Áitiúla Cheatharlach agus spreagann siad a gcustaiméirí go dteastaíonn uatha a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge é sin a dhéanamh agus deimhneoidh siad go bhfuil go leor oibrithe ann atá in ann seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge i ngach aicme de ghníomhaíochtaí na Comhairle a dhéileáil leis an bpobal go rialta.

Tá Údarás Áitiúla Cheatharlach dírithe, chomh maith, ar íomhá chorparáideach a fhorbairt a chuimsíonn dátheangachas trasna ár gcuid seirbhísí uile.

Roimh dheireadh na scéime, beidh seirbhís chuntair duine-le-duine ar fáil i nGaeilge ón Roinn Pleanála, ón Roinn Pobal & Fiontar, ó Sheirbhís na Leabharlanna agus ó Chomhairle Bhaile Cheatharlach.

Teicneolaíocht Eolais & Cumarsáide

- Beidh an Gnáth Séanadh ar chomhfhreagras theachtaireachta agus ríomhphoist dátheangach roimh deireadh 2008.
- Beidh seoladh ríomhphost géineasach do fhiosraithe “As Gaeilge” bunaithe. Deimhneoidh na húdaráis áitiúla go mbeidh freagra tapaigh ar fhiosraithe dá leithéid ar an mbonn céanna le fiosraithe i dteanga an Bhéarla mar atá imlínithe i bPlean Gníomhach Seirbhís Custaiméirí na Comhairle roimh 2008.
- Liosta ar líne a sholáthar de theagmhálacha foirne atá ar fáil le haghaidh seirbhísí a sholáthar i dteannta le liosta des na seirbhísí suas chun dáta a sholáthar atá dátheangach le linn fad saoil na scéime.
- Beidh de chumas ag aon córais ríomhaire nua curtha isteach **le linn fad saoil na scéime seo** in ann Teanga na Gaeilge a láimhseáil.
- Beidh seirbhísí ríomhaireachta reatha agus aon seirbhís idirghníomhach reatha ar fáil trí Ghaeilge **roimh deireadh** na scéime seo ag braith sholáthar ábhar na gcóras cuí ón BSRRA.
- Beidh gach Foirm i dTeanga na Gaeilge ar fáil ónár suíomh idirlín le haghaidh aighniú ar líne nó le haghaidh íoslódáil roimh deireadh 2009.
- Beidh 15% de dhoiciméid (doiciméid teicniúla as an áireamh) ar gach suíomh idirlín Údarás Áitiúla Cheatharlach dátheangach laistigh de fhaid saoil na scéime seo.
- Roimh dheireadh saolré na scéime seo beidh 10% de ábhar statach ar shuíomh ghréasáin Údarás Áitiúil Cheatharlach dátheangach. Tabharfar faoi aon suíomh ghréasáin go bhfuil na h-Údaráis Áitiúla freagraigh astu ins an dara scéim agus i scéimeanna eile ina dhiaidh sin de chuid na n-Údarás.

Doiciméid Scríofa

Bróisiúr, Bileoga Eolais, Foirmeacha Iarratais & Cláir Oibre na Comhairle

- Beidh gach foirm iarratais nua agus aon Bhileog Eolais a théann leis a dhéin Údarás Áitiúla Cheatharlach dátheangach.

Beidh foirmeacha iarratais reatha agus Bileoga Eolais a théann leis dátheangach nuair a tugtar suas chun dáta é.

Beidh gach foirm iarratais, bróisiúir agus bileoga dátheangach laistigh de chlúdach amháin ach amháin nuair ná fuil sé praiticiúil de bharr méid nó nádúr an

doiciméid. I gcásanna dá leithéid, beidh leagan Gaeilge agus Béarla scartha soláthraithe agus beidh an leagan Gaeilge le fáil chomh héasca leis an leagan Béarla.

- Beidh ceannteidil mhóra Cláir Oibre na Comhairle dátheangach roimh deireadh 2008.
- **Beidh gach Doiciméid Polasaí Móra foilsithe ar ár suíomh idirlín i mBéarla agus i nGaeilge ag an am gcéanna agus le fáil ar CD.**

Beidh gach Bróisiúr nua, Foilseacháin agus Bileoga Eolais dátheangach roimh deireadh na scéime. **Beidh Bróisiúir Reatha, Bileoga Foilsithe agus Eolais ar fáil dátheangach nuair a tugtar suas chun dáta iad.**

Preaseisiúintí

Beidh preaseisiúintí a bhaineann le gnéithe Teanga na Gaeilge foilsithe dátheangach agus curtha amach do mheáin teanga na Gaeilge agus teanga an Bhéarla ag an am gcéanna.

Cumarsáid Béil

Tá Foireann ag Seirbhísí Custaiméirí mar an chéad pointe teagmhála leis an bpobal. Sé ár bpolasaí na seirbhísí is fearr a fhreagraíonn do riachtanais ár gcustaiméirí uile a sholáthar – sé sin:

- Ainm na nÚdarás Áitiúil a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla.
- Go mbeadh ráitis bheannaithe bhunúsacha na Gaeilge ar ár dtoil againn.
- Go mbeadh eagraithe cuí déanta i dtreo is gur féidir leo baill an phobail a threorú chuig ball na foirne atá freagrach as an tseirbhís trí Ghaeilge a sholáthar nuair atá a leithéid ar fail.
- Beidh fógraí ar na Binsí Cúraim Custaiméara i ngach rannóg ag tabhairt cuireadh don bpobal Gaeilge d'úsáid.
- Beidh iarrachtaí déanta ábhar den dátheangachas a thabhairt isteach le linn gach Cruinniú Comhairle.

- Beidh Cumas Siombaile agus Cuardaigh f liosta na foirne ar an Inlíon ag comharthú baill na foirne go bhfuil de chumas acu agus sásta déileáil leis an bpobal i nGaeilge.
- Cuirfidh na hÚdaráis Áitiúla an Ghaeilge chun cinn ins an bpobal le linn ócáidí corparáideacha agus pobail le próifíl ard acu agus sníomhfaidh siad ábhar den dátheangachas ins na gnáthaimh a bhíonn ar siúl.
- Molfar don fhoireann oibriú chun leibhéil éagsúla an Fháinne Nua a bhaint amach. Taispeánfaidh caitheamh an Fháinne leibhéal labhairt na Gaeilge an bhail.

Cuirfear na gealltanais thuas i bhfeidhm le linn saolré na scéime.

Earcú & Roghnú na Foirne

Déanfaidh Údaráis Áitiúla Cheatharlach athbhreithniú ar a bpolasaithe earcaithe reatha agus ar a bpolasaithe faoi shoghluaiste foirne i gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla i leith a fheabhas is atá a gcaighdeán labhartha Teanga Gaeilge. Beidh na gnéithe seo á phlé trí an Phróiseas Páirtíochta.

Traenáil, Foghlaim & Forbairt

Aithníonn Údaráis Áitiúla Cheatharlach an tábhacht atá le h-oibrithe atá traenáilte go maith chun seirbhís mear, éifeachtach agus de ard chaighdeánach a sheachada.

- Molfar don fhoireann go léir agus do na Baill Tofa a scileanna i dteanga na Gaeilge a fheabhsú trí chúrsaí traenála agus forbartha a sholáthrófar le linn uaireanta cloig oifige.
- Beidh athbhreithniú déanta ar an gClár Traenála Ionductaithe chun tionscnaimh mheabhraíochta teanga a bheith san áireamh.
- Foireann a oibríonn ag Cuntair Seirbhís Custaiméirí – beidh traenáil i dTeanga na Gaeilge soláthraithe a dhíríonn ar riachtanais Seirbhís Custaiméirí.
- Beidh earraí agus acmhainní Teanga na Gaeilge (foclóirí, foilseacháin, bogearra ríomhaire) ar fáil don fhoireann chun na seirbhísí trí Ghaeilge a sheachada go h-éasca.
- Oibrithe deonaithe a lorg chun Seirbhísí i dTeanga na Gaeilge a sholáthar in earnálacha cuí trí na hÚdaráis Áitiúla. (Beidh foireann dá leithéid inaitheanta ag Cuntair Seirbhísí Custaiméirí, ar liostaí teileafón agus trí an ríomhphoist).

Bóithre & Comharthaí Bóithre

Beidh gach comhartha bóthar atá mícheart athruithe de réir a chéile roimh dheireadh na scéime seo.

Beidh aon fhorbairt nua, chónaithe ainmnithe i nGaeilge agus i mBéarla nó i nGaeilge amháin mar choinníoll leis an gcead pleanála. Beidh an Chomhairle freagrach as ainmnithe cuí a sheiceáil agus a roghnú i gcomhairle le coimisiún na logainmneacha, más gá, agus aird a thabhairt ar na logainmneacha reatha, ar stair agus ar oidhreacht áitiúil an cheantair.

Monatóireacht, Athbhreithniú & Polasaí na Scéime Aontaithe

Monatóireacht agus Athbhreithniú

Is ag an Fhoireann Bhainistíochta a bheidh freagracht as monatóireacht a dhéanamh ar an ndul chun cinn i gcur-i-ngníomh na scéime, chomh maith le h-athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim féin.

Beidh monatóireacht ó lá go lá déanta ag na Bainisteoirí Líne go háirithe i ngach ceann dá n-Aicmí Seirbhíse. Beidh ról leanúnach ag an bPáirtíocht san Áit Oibre, chomh maith, i monatóireacht agus i measúnú an dul chun cinn faoin scéim.

Beidh sonraí ar an ndul chun cinn foilsithe, chomh maith, i **dTuairiscí Bliantúla Údarás Áitiúil Cheatharlach**.

Poiblíocht ar an Scéim Aontaithe

Beidh ábhar na scéime seo fógartha chuig an bpobal ginearálta trí:

- **Preaseisiúintí**
- **Seoladh Oifigiúil**
- **Foilsíú ar Inlín agus ar Shuíomh Idirlín na Comhairle**
- **Seoladh chuig Ghníomhaireachtaí cuí agus chuig Eagraíochtaí Poiblí**

Beidh cóip den scéim seo curtha ar aghaidh, chomh maith, go Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

Aguisín

Torthaí an tSuirbhé Custaiméirí déanta in Oifigí Chomhairle Chontae Cheatharlach, Comhairle Bhaile Cheatharlach, Gréasán Leabharlanna agus Oifig Éigse.

Déanadh an suirbhé seo thar cúpla seachtain.

1. Dúirt 84% des na daoine go raibh suirbhé déanta orthu go raibh roinnt eolas acu faoi Ghaeilge.

Astu seo:

- Chomhrá
- Dúirt 10% díobh seo go rabhadar líofa sa dteanga
 - Dúirt 24% go raibh a gcuid eolais Idirmheánach/ag leibhéal
 - Dúirt 50% go raibh Gaeilge Tosaitheoirí /Bunúsach acu.
2. Dúirt 54% dóibh siúd go raibh suirbhéireacht déanta orthu gur mhaith leo go soláthródh Udaráis Aitiúla Cheatharlach a seirbhísí trí Ghaeilge.
 3. D'úsáidfeadh 46% díobh siúd go raibh suirbhéireacht déanta orthu seirbhísí soláthraithe trí Ghaeilge.
 4. Ba mhaith le 66% díobh siúd gur déanadh suirbhéireacht orthu níos mó comharthaí/fógraí eolais a fheiceáil in Oifigí Sibhialta na Comhairle as Gaeilge.
 5. Ba mhaith le 86% díobh siúd gur déanadh suirbhéireacht orthu comharthaí a fheiceáil in Oifigí Sibhialta na Comhairle a deireann go bhfuil Fáilte roimh an Ghaeilge.
 6. Dúirt 91% dóibh san gur déanadh suirbhéireacht orthu gur chóir go mbeadh baint níos mó ag Udaráis Aitiúla Cheatharlach le O cáidí Sóisialta agus Cultúrtha Gaeilge a chur chun cinn.
 7. Bhí suim ag 38% dóibh san gur déanadh suirbhéireacht orthu i gCultúr, Ceol nó Ealaíon Gaeilge le Cluichí Gaelacha, Rince Gaelach, Ceol Traidisiúnta, Ceard Gaelach agus araile san áireamh.
 8. Ba mhaith le 72% dóibh gur déanadh suirbhéireacht orthu leagan Gaeilge nó dátheangach de shuíomh idirlín na Comhairle a fheiceáil.